**Imlitir 0067/2010**

**Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Comhphobail is Cuimsitheacha Aitheanta**
**mar aon le**
**Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais**

## Na nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm chun folúntais mhúinteoireachta a tharlóidh sa chuid eile den scoilbhliain 2010/11 a líonadh.

Teastaíonn ó Phlean an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta (2011–2014) go ndéanfar an líon múinteoirí a laghdú trí mheascán gnéithe a bheidh éifeachtach ó Mheán Fómhair 2011. Tiocfaidh an laghdú i bhfeidhm nuair a dhéanfar folúntais a líonadh trí na múinteoirí atá ann faoi láthair a athfhostú.

Chun na riachtanais maidir leis an bPlean Téarnaimh Náisiúnta a chur i bhfeidhm, chomh fada is a bhaineann le caiteachas na Roinne seo, ní mór na nósanna imeachta, atá léirithe thíos, maidir le folúntais mhúinteoireachta a líonadh sa chuid eile den scoilhhliain 2010/11, a chur i gcrích go hiomlán anois díreach. Déanfaidh na nósanna imeachta sin a dheimhniú go ndéanfar a leithéid d'fholúntais mhúinteorí a lionadh, ó Mheán Fómhair 2011 trí. na múinteoirí a bheadh ar fáil ag an am, más cui, a athfhostú

**Bunscoileanna**

<u>Is é a chiallaíonn na nósanna imeachta ag an mbunleibhéal ná nach ndéanfaí folúntas múinteoireachta buan ar bith, gan post mar Phríomhoide nó mar Leas-Phríomhoide bheith san áireamh, a tharlóidh idir 1 Nollaig 2010 agus deireadh na scoilbhliana, a líonadh ach amháin ar bhonn sealadach</u> (mura féidir iad a líonadh as painéal athfhostaíochta a bheadh ar fáil ag an am). Má bhíonn próiseas earcaíochta i bhfeidhm ag an scoil cheana féin nach bhfuil in aontú le riachtanais na himlitreach seo, ní cóir an ceapadh a dhéanamh mura rinneadh an post a thairiscint don iarrthóir rathúil roimh 1 Nollaig 2010 agus gur rinne an t-iarrthóir sin é a ghlacadh. Ina leithéid de chúinsí, caithfear an cáipéisiú tacaíochta cuí a chur i láthair do Rannóg Phárolla na Roinne nuair a dhéanfar an ceapaí rathúil a lonnú ar an bpárolla. I gcás líon beag de

scoileanna speisialta a rinneadh a aithint le déanaí, beidh an Roinn i dteagmháil ar leith leo chun iad a chomhairliú maidir le tionchar na himlitreach seo orthu.

**Scoileanna Iarbhunoideachais**

Is é an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair sna Meánscoileanna Deonacha agus sna earnálacha um Scoileanna Comhphobail is Cuimsitheacha ná go ndéantar na folúntais mhúinteoireachta, a tharlaíonn ón gcéad lá oibre i mí na Samhna, a líonadh gach aon bhliain trí uaireanta an chloig páirtaimseartha a dháileadh don tréimhse mhúinteoireacha a bhíonn fágtha sa scoilbhliain. Caithfear cloí go daingean anois díreach leis an modh oibre sin. Baineann sé seo le gach aon CGO sa chás nach ndéantar a leithéid a chur i bhfeidhm iontu fós.

**Poist do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí Scoileanna**

Is féidir leanúint le poist Phríomhoidi agus Leas-Phríomhoidí a líonadh ar bhonn buan de réir mar is gá. Ina leithéid de chás ní cheadófar, ach ar bhonn eatramhach, na folúntais mhúinteoireachta de thoradh sin a líonadh (sa scoil sin nó i scoil ar bith eile).

Na fiosrúcháin maidir leis an imlitir seo, ba chóir iad a rphostáil don Roinn mar a leanas:

Scoileanna Bunoideachais: déan rphost chuig PrimaryAllocations@education.gov.ie

Scoileanna Iar-Bhunoideachais: déan rphost chuig Allocations@education.gov.ie

Hubert Loftus
Príomh-Oifigeach
Rannóg um Dháiltí Múinteoirí

25 Samhain 2010